



An Bhruiséil, 21 Samhain 2025
(OR. en)

13887/25

ACP 102
WTO 90
COASI 122
RELEX 1279
UD 231

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena bhforlíontar Cinneadh (AE) 2020/2059 ón gComhairle an 7 Nollaig 2020 agus lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil arna bhunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le forálacha áirithe de Phrótocal II a leasú maidir le sainmhíniú an choincheapa ‘táirgí tionscnaimh’ agus modhanna comhair riaracháin, a mhéid a bhaineann le carnadh le tíortha comharsanacha atá i mbéal forbartha — Glacadh

1. An 31 Iúil 2025, chuir an Coimisiún moladh faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (AE) 2020/2059 ón gComhairle an 7 Nollaig 2020 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil arna bhunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le forálacha áirithe de Phrótocal II a leasú maidir le sainmhíniú an choincheapa ‘táirgí tionscnaimh’ agus modhanna comhair riaracháin, a mhéid a bhaineann le carnadh le tíortha comharsanacha atá i mbéal forbartha.
2. Scrúdaigh an Mheitheal um an Afraic, um Muir Chairib agus um an Aigéan Ciúin, tar éis di teacht ar chomhaontú ón gCoimisiún, togra comhréitigh leasaithe ón Uachtaránacht agus tháinig sí ar chomhaontú maidir le téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2025.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh go ndéanfaidh an Chomhairle an méid seo a leanas, ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo:
- an Cinneadh ón gComhairle lena bhforlíontar Cinneadh (AE) 2020/2059 agus lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil arna bhunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le forálacha áirithe de Phrótocal II a leasú maidir le sainmhíniú an choincheapa ‘táirgí tionscnaimh’ agus modhanna comhair riaracháin, a mhéid a bhaineann le carnadh le tíortha comharsanacha atá i mbéal forbartha, mar a leagtar amach in 13883/25 + ADD 1 é, tar éis do na dlítheangeolaithe bailchríoch a chur air, a ghlacadh;
 - a iarraidh go bhfoilseofaí an Cinneadh ón gComhairle san Iris Oifigiúil;
 - a iarraidh go ndéanfaí an cinneadh ón gCoiste um Thrádáil idir an tAontas agus Stáit an Aigéin Chiúin, ach a nglacfar é, a fhoilsiú san Iris Oifigiúil;
 - Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas faoi ghlacadh an Chinnidh ón gComhairle.